Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**6347/22**

**STAT 5**
**FIN 168**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Feabhra 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 42 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA maidir leis an úsáid a bhain na hinstitiúidí in 2020 as Rialachán Uimh. 495/77 ón gComhairle, arna leasú go deireanach le Rialachán Uimh. 1945/2006 (maidir le dualgas fuireachais), as Rialachán Uimh. 858/2004 ón gComhairle (maidir le coinníollacha oibre diana) agus as Rialachán Uimh. 300/76 ón gComhairle, arna leasú go deireanach le Rialachán Uimh. 1873/2006 (maidir le sealobair) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 42 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 42 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.2.2022
COM(2022) 42 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**maidir leis an úsáid a bhain na hinstitiúidí in 2020 as Rialachán Uimh. 495/77 ón gComhairle, arna leasú go deireanach le Rialachán Uimh. 1945/2006 (maidir le dualgas fuireachais), as Rialachán Uimh. 858/2004 ón gComhairle (maidir le coinníollacha oibre diana) agus as Rialachán Uimh. 300/76 ón gComhairle, arna leasú go deireanach le Rialachán Uimh. 1873/2006 (maidir le sealobair)**

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an úsáid a bhain na hinstitiúidí in 2020 as Rialachán Uimh. 495/77 ón gComhairle, arna leasú go deireanach le Rialachán Uimh. 1945/2006 (maidir le dualgas fuireachais), as Rialachán Uimh. 858/2004 ón gComhairle (maidir le coinníollacha oibre diana) agus as Rialachán Uimh. 300/76 ón gComhairle, arna leasú go deireanach le Rialachán Uimh. 1873/2006 (maidir le sealobair)**

## 1. RÉAMHRÁ

Leis na Rialacháin ón gComhairle maidir le dualgas fuireachais (Uimh. 495/77) agus maidir le coinníollacha oibre diana (Uimh. 858/2004), ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle gach bliain maidir leis an líon oifigeach agus seirbhíseach eile, de réir catagóire, atá i dteideal na liúntas dá dtagraítear sna Rialacháin lena mbaineann, agus maidir leis an gcaiteachas iomlán gaolmhar.

Is leis an mbliain 2020 a bhaineann an tuarascáil seo agus is ar na figiúirí bliantúla deireanacha iomlána a bhí ar fáil le linn a dréachtaithe atá sí bunaithe. Cumhdaíonn sí na hinstitiúidí uile agus, ar mhaithe le hiomláine, tá faisnéis chomhchosúil inti faoi úsáid na sealoibre (Rialachán Uimh. 300/76 ón gComhairle).

## 2. LIÚNTAS LE HAGHAIDH DUALGAS FUIREACHAIS

Is é an bunús dlí atá leis an liúntas sin Airteagail 55 agus 56b den Rialachán Foirne agus Rialachán Uimh. 495/77 ón gComhairle an 8 Márta 1977 arna leasú.

Ní íoctar an liúntas ach leis na hoifigigh agus leis na seirbhísigh eile a fhaigheann luach saothair ó leithreasuithe taighde agus a mbaineann a bpoist leo seo a leanas:

- bunaíocht de chuid an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC), nó
- gníomhaíochtaí indíreacha, nó

a fhaigheann luach saothair ó leithreasuithe riaracháin agus a mbaineann a bpoist leo seo a leanas:

- suiteálacha teicniúla a reáchtáil agus maoirseacht a dhéanamh orthu,
- seirbhís slándála,
- seirbhís teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC),
- seirbhís tacaíochta de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála (CBES)/an bheartais Eorpaigh slándála agus cosanta (BESC) nó socruithe comhordaithe éigeandála agus géarchéime, nó
- sásra a bunaíodh chun tacú leis na Ballstáit 24/7 (‘BS 24/7’) faoi chuimsiú comhordaithe éigeandála agus géarchéime nó seirbhísí a gcruthaíodh ina leith gur gá cúraimí a chur i gcrích iontu chun sásra a ráthú ar mhaithe le tacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit.

Is i bpointí a dhéantar an liúntas le haghaidh dualgas fuireachais a shloinneadh. Déantar an líon pointí a dheonaítear in aghaidh uair an chloig de dhualgas fuireachais iarbhír a leagan síos mar seo a leanas:

– dualgas fuireachais sa bhaile ar lá oibre: 2.15 pointe;
– dualgas fuireachais sa bhaile ag an deireadh seachtaine agus ar lá saoire: 4.3 pointe;
– dualgas fuireachais san áit oibre ar lá oibre: 11 phointe;
– dualgas fuireachais san áit oibre ag an deireadh seachtaine agus ar lá saoire: 22 phointe.

Is fiú 0.032 % den bhuntuarastal oifigigh ar ghrád 1, céim 1, pointe amháin (is é sin 0.96 euro in 2020).

Is léiriú iad na figiúirí seo a leanas ar an líon liúntas a deonaíodh i ngach institiúid in 2020.

## 2.1. An líon faighteoirí (oifigigh/baill foirne shealadacha agus ar conradh)

| **Institiúid** | **AD** | **AST** | **AC** | | | | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Grúpa Feidhme I** | **Grúpa Feidhme II** | **Grúpa Feidhme III** | **Grúpa Feidhme IV** | |
| An Pharlaimint | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chomhairle | 15 | 79 | 3 | 0 | 0 | 0 | **97** |
| An Coimisiún | 139 | 190 | 52 | 12 | 13 | 15 | **421** |
| *- ina measc JRC:* | *43* | *79* | *18* | *0* | *1* | *7* | ***148*** |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 8 | 16 | 1 | 0 | 0 | 1 | **26** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 0 | 1 | 16 | 0 | 0 | 0 | **17** |
| CESE | 0 | 2 | 0 | 0 | 1 | 0 | **3** |
| CnaR | 0 | 3 | 0 | 0 | 1 | 0 | **4** |
| SEGS | 13 | 8 | 0 | 1 | 5 | 1 | **28** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **175** | **299** | **72** | **13** | **20** | **17** | **596** |

### 2.2. An líon faighteoirí de réir chineál an dualgais fuireachais

| Institiúid | Sa bhaile | Sa bhaile agus san áit oibre | San áit oibre | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| An Pharlaimint | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chomhairle | 97 | 0 | 0 | **97** |
| An Coimisiún | 405 | 5 | 11 | **421** |
| *- ina measc JRC:* | *133* | *5* | *10* | ***148*** |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 26 | 0 | 0 | **26** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 17 | 0 | 0 | **17** |
| CESE | 0 | 3 | 0 | **3** |
| CnaR | 0 | 4 | 0 | **4** |
| SEGS | 28 | 0 | 0 | **28** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **573** | **12** | **11** | **596** |

### 2.3. An líon faighteoirí de réir réimse

| Institiúid | JRC | Gníomhaíochtaí indíreacha | Suiteálacha teicniúla | Slándáil | TFC | CBES/ BECS | BS 2 4/7 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Pharlaimint | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chomhairle | 0 | 0 | 0 | 27 | 56 | 14 | 0 | **97** |
| An Coimisiún | 148 | 2 | 61 | 39 | 122 | 0 | 49 | **421** |
| *- ina measc JRC:* | *148* | *0* | *0* | *0* | *0* | *0* | *0* | *148* |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 0 | 0 | 16 | 10 | 0 | 0 | 0 | **26** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 0 | 0 | 0 | 17 | 0 | 0 | 0 | **17** |
| CESE | 0 | 0 | 0 | 3 | 0 | 0 | 0 | **3** |
| CnaR | 0 | 0 | 0 | 4 | 0 | 0 | 0 | **4** |
| SEGS | 0 | 0 | 0 | 4 | 6 | 18 | 0 | **28** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **148** | **2** | **77** | **104** | **184** | **32** | **49** | **596** |

## 3. LIÚNTAS LE HAGHAIDH COINNÍOLLACHA OIBRE DIANA

Is é an bunús dlí atá leis an liúntas sin Airteagal 56c den Rialachán Foirne agus Rialachán Uimh. 858/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 arna leasú. Deonaítear an liúntas chun coinníollacha áirithe oibre a chúiteamh a bhaineann (i) le 'sábháilteacht phearsanta' (éadaí speisialta míchompordacha nó cosaint pháirteach a chaitheamh), (ii) leis an 'áit oibre' (spásanna cúnga, torannacha nó contúirteacha) agus (iii) leis an 'gcineál oibre' (m.sh. substaintí creimneacha a láimhseáil nó a bheith ag obair le pléascáin)[1].

Is in aghaidh uair an chloig d'obair iarbhír a dheonaítear an liúntas agus is i bpointí a dhéantar é a shloinneadh. Deonaítear líonta éagsúla pointí, ó 2 phointe as meánleibhéil fuaime ar mó ná 85 dheicibeil é, cuir i gcás, go 50 pointe as culaith thine neamhspleách a bheith á caitheamh ag oifigeach. Is fiú 0.032 % den bhuntuarastal oifigigh ar ghrád 1, céim 1, pointe amháin (is é sin 0.96 euro in 2020).

### 3.1. An líon faighteoirí (oifigigh/baill foirne shealadacha agus ar conradh)

| Institiúid | AD | AST | AC | | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Grúpa Feidhme I | Grúpa Feidhme II | Grúpa Feidhme III | Grúpa Feidhme IV | |
| An Pharlaimint | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chomhairle | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Coimisiún | 27 | 136 | 24 | 0 | 1 | 11 | **199** |
| *- ina measc JRC:* | *26* | *128* | *15* | *0* | *1* | *9* | *179* |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| CESE | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| CnaR | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| SEGS | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **27** | **136** | **24** | **0** | **1** | **11** | **199** |

## 4. LIÚNTAS LE HAGHAIDH SEALOIBRE

Is é an bunús dlí atá leis an liúntas sin Airteagal 56a den Rialachán Foirne agus Rialachán Uimh. 300/76 ón gComhairle an 9 Feabhra 1976 arna leasú.

Ní íoctar an liúntas ach leis na hoifigigh agus leis na seirbhísigh eile a fhaigheann luach saothair ó *leithreasuithe taighde* agus a mbaineann a bpoist leo seo a leanas:

- bunaíocht de chuid JRC, nó
- gníomhaíochtaí indíreacha, nó

[1] Airteagal 3 de Rialachán Uimh. 858/2004 ón gComhairle.

a fhaigheann luach saothair ó *leithreasuithe riaracháin* agus a mbaineann a bpoist leo seo a leanas:

- seirbhís teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC),
- seirbhís slándála,
- seirbhís lasc-chláir/faisnéise nó deasc fáiltithe,
- seirbhís tacaíochta de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála (CBES)/an bheartais Eorpaigh slándála agus cosanta (BESC) nó socruithe comhordaithe éigeandála agus géarchéime,
- seirbhís a chuireann tacaíocht ar fáil faoi chuimsiú comhordaithe éigeandála agus géarchéime, nó
- suiteálacha teicniúla a reáchtáil agus maoirseacht a dhéanamh orthu.

Is léiriú iad na figiúirí seo a leanas ar líon na liúntas a deonaíodh i ngach institiúid in 2020.

## 4.1. An líon faighteoirí (oifigigh/baill foirne shealadacha agus ar conradh)

| **Institiúid** | **AD** | **AST** | **AC** | | | | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Grúpa Feidhme I** | **Grúpa Feidhme II** | **Grúpa Feidhme III** | **Grúpa Feidhme IV** | |
| An Pharlaimint | 1 | 69 | 468 | 1 | 6 | 0 | **545** |
| An Chomhairle | 0 | 71 | 0 | 7 | 0 | 0 | **78** |
| An Coimisiún | 0 | 99 | 21 | 10 | 24 | 1 | **155** |
| *- ina measc JRC:* | *0* | *18* | *10* | *0* | *0* | *0* | ***28*** |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 0 | 1 | 16 | 0 | 0 | 0 | **17** |
| CESE | 0 | 2 | 0 | 0 | 1 | 0 | **3** |
| CnaR | 0 | 3 | 0 | 0 | 1 | 0 | **4** |
| SEGS | 0 | 30 | 0 | 0 | 0 | 0 | **30** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **1** | **275** | **505** | **18** | **32** | **1** | **832** |

Foráiltear do cheithre ráta dhifriúla a bheith ag an liúntas míosúil (figiúirí na bliana 2020):

- ráta 1: obair dhá sheal, seachas ag an deireadh seachtaine agus ar lá saoire: 432.05 euro;
- ráta 2: obair dhá sheal, lena n-áirítear san oíche, ag an deireadh seachtaine agus ar lá saoire: 652.12 euro;
- ráta 3: obair 24 uair an chloig, seachas ag an deireadh seachtaine agus ar lá saoire: 713.01 euro;
- ráta 4: obair 24 uair an chloig, gach lá: 972.07 euro.

### 4.2. Líon na bhfaighteoirí de réir ráta

| Institiúid | Ráta 1 | Ráta 2 | Ráta 3 | Ráta 4 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | 432.05 | 652.12 | 713.01 | 972.07 | |
| An Pharlaimint | 49 | 257 | 0 | 239 | **545** |
| An Chomhairle | 24 | 0 | 0 | 54 | **78** |
| An Coimisiún | 14 | 0 | 8 | 133 | **155** |
| *- ina measc JRC:* | *0* | *0* | *8* | *20* | ***28*** |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 0 | 0 | 0 | 17 | **17** |
| CESE | 3 | 0 | 0 | 0 | **3** |
| CnaR | 4 | 0 | 0 | 0 | **4** |
| SEGS | 20 | 0 | 0 | 10 | **30** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **114** | **257** | **8** | **453** | **832** |

### 4.3. An líon faighteoirí de réir réimse

| Institiúid | JRC | BS 24 | TFC | Slándáil | Lasc-chlár/deasc fáiltithe | CBES/ BECS | Suiteálacha teicniúla | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Pharlaimint | 0 | 0 | 0 | 512 | 33 | 0 | 0 | **545** |
| An Chomhairle | 0 | 0 | 0 | 78 | 0 | 0 | 0 | **78** |
| An Coimisiún | 28 | 22 | 14 | 91 | 0 | 0 | 0 | **155** |
| *- ina measc JRC:* | *28* | *0* | *0* | *0* | *0* | *0* | *0* | *28* |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 0 | 0 | 0 | 17 | 0 | 0 | 0 | **17** |
| CESE | 0 | 0 | 0 | 3 | 0 | 0 | 0 | **3** |
| CnaR | 0 | 0 | 0 | 4 | 0 | 0 | 0 | **4** |
| SEGS | 0 | 0 | 11 | 9 | 0 | 10 | 0 | **30** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **28** | **22** | **25** | **714** | **33** | **10** | **0** | **832** |

## 5. SEIRBHÍSÍ LENA MBAINEANN AGUS CÚISEANNA

Is iad Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún, an Chúirt Bhreithiúnais, an Chúirt Iniúchóirí, an dá Choiste agus SEGS a bhaineann úsáid as an dualgas fuireachais agus/nó as an tsealobair agus a íocann liúntais dá bhforáiltear sa reachtaíocht.

Is é an Coimisiún an t-aon institiúid a íocann liúntais le haghaidh coinníollacha oibre diana in JCR, san Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht sa Bhruiséil (OIB) agus ó bhí 2018 ann, do chigirí núicléacha atá ag obair in Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh (DG ENER).

Thug ceithre institiúid le fios go raibh tionchar ag géarchéim sláinte COVID-19 ar a gcuid seirbhísí, go háirithe mar thoradh ar na deacrachtaí a bhí acu ionadaithe a fháil do bhaill foirne a bhí as láthair de dheasca na paindéime agus mar thoradh ar an méadú a tháinig ar úsáid na teilea-oibre. Nuair ba ghá baill foirne a bheith i láthair san áit oibre chun leanúnachas gnó a áirithiú, cuireadh nósanna imeachta ar leith i bhfeidhm, ionas go bhféadfaí cloí leis an scoitheadh sóisialta agus le bearta eile sláinteachais. Dá bhrí sin, bhí tionchar ag géarchéim sláinte COVID-19 ar an líon faighteoirí uaireanta. Déanfar mionchur síos ar na dálaí sin níos faide anonn de réir na hinstitiúide nó na seirbhíse lena mbaineann.

## 5.1. Na cúiseanna atá leis an dualgas fuireachais a úsáid

***An Chomhairle:*** Is do 97 mball dá foireann a d'íoc an Chomhairle liúntas le haghaidh dualgas fuireachais in 2020 (85 in 2019).

Is chun na réimsí seo a leanas a chumhdach atá an dualgas fuireachais i bhfeidhm: (i) teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC), cosaint agus feidhmiú ceart na líonraí faisnéise agus cumarsáide a áirithiú; tacú le gníomhaíochtaí gan choinne na Comhairle Eorpaí, na Comhairle agus a comhlachtaí ullmhúcháin; riachtanais phráinneacha na Comhairle Eorpaí, na Comhairle agus na hArdrúnaíochta a chumhdach, maidir le faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a bhainistiú agus le tacú le gníomhaíochtaí an Uachtaráin agus an Ardrúnaí faoi chuimsiú an bheartais eachtraigh; (ii) seirbhísí slándála/sábháilteachta chun freagairt gan mhoill d'aon chineál teagmhais a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fhoireann na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle agus do ghníomhaíochtaí na hArdrúnaíochta, chomh maith le tacaíocht 24/7 a chur ar fáil d'oifigigh slándála ar misean; (iii) ráitis phráinneacha láithreacha a dhéanann Uachtaránacht rothlach na Comhairle agus Uachtarán na Comhairle Eorpaí faoi chuimsiú CBES/BECS a dhréachtú, a fhoilsiú ar an idirlíon agus a chraobhscaoileadh go pras agus tacú le gníomhaíochtaí Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus an Ardrúnaí faoi chuimsiú an bheartais eachtraigh.

In 2020, is sa bhaile amháin a cuireadh an dualgas fuireachais i gcrích.

Is é is cúis leis an ardú go ndeachaigh an líon faighteoirí sna seirbhísí a bhí ann cheana i méid de bheagán, ar lámh amháin, agus gur bunaíodh foirne nua in oifigí an Uachtaráin agus an Ardrúnaí agus in SMART (seirbhísí faisnéise rúnaicmithe), ar an lámh eile.

***An Coimisiún:*** Is do 421 bhall dá fhoireann a d'íoc an Coimisiún liúntais le haghaidh dualgas fuireachais in 2020, ar ardú 3 % é, nach mór, i gcomparáid le 2019 (410 faighteoir).

Den chuid is mó, is le cúigear faighteoirí breise in DG ECHO agus le triúr faighteoirí breise in DG ENER sa réimse comhordaithe géarchéime/éigeandála a bhaineann an t-ardú beag sin.

Is i gceann d'airmheáin chomhpháirteacha taighde de chuid an Choimisiúin atá beagnach 35 % de na faighteoirí (148) ag obair. I bhformhór na gcásanna, is sa bhaile a chuirtear an dualgas fuireachais i gcrích sna hairmheáin chomhpháirteacha taighde, seachas in Ispra, áit a mbraitheann sé ar shainiúlacht na gcúraimí cé acu san áit oibre nó sa bhaile a dhéantar é.

Maidir leis an líon faighteoirí in Ard-Stiúrthóireachtaí eile de chuid an Choimisiúin, (i) tháinig laghdú beag air in DG DIGIT (-14), mar gur éirigh baill foirne as nó gur aistríodh chuig seirbhísí nó chuig aonaid eile iad, ach (ii) chuaigh sé i méid i seirbhísí teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide de chuid DG TAXUD (+14), mar gur bunaíodh seirbhís nua chun leanúnachas gnó agus sábháilteacht an bhonneagair fhaisnéise a áirithiú. Sna seirbhísí eile, is ar éigean a d'athraigh na figiúirí i gcomparáid le 2019.

***An Chúirt Bhreithiúnais:*** Is do 26 bhall dá foireann a d'íoc an Chúirt Bhreithiúnais liúntais le haghaidh dualgas fuireachais in 2020 (28 in 2019). Is sa Stiúrthóireacht um Fhoirgnimh agus um Shlándáil in Ard-Stiúrthóireacht an Riaracháin atá na faighteoirí uile ag obair. Tá na hionaid ina bhfuil na faighteoirí ag obair freagrach as tionscadail forbartha de chuid na Cúirte, as bainistíocht na bhfoirgneamh agus as an tslándáil.

***An Chúirt Iniúchóirí:*** De réir amchlár míosúil na seirbhíse slándála agus sábháilteachta, b'éigean do 17 mball foirne dul i mbun dualgais fuireachais in 2020, an líon céanna le 2019. Déanann siad slándáil na bhfoirgneamh agus na ndaoine atá iontu a áirithiú gan stad ó cheann ceann na bliana..

***CESE agus CnaR:*** In CESE agus in CnaR, tá socruithe comhroinnte le haghaidh dualgas fuireachais curtha ar bun ag an tseirbhís slándála, chun a áirithiú go mbeidh foireann slándála ar fáil agus faoi réir chun freagairt do theagmhais aon uair a theastaíonn sé le linn don institiúid a bheith dúnta. Triúr ball foirne de chuid CESE agus ceathrar ball foirne de chuid CnaR a chomhlíon an dualgas fuireachais (sa bhaile agus san áit oibre) in 2020, an líon céanna le 2019.

***SEGS***: Is do 28 bhall dá foireann a d'íoc SEGS liúntais le haghaidh dualgas fuireachais in 2020 (33 in 2019). Is é is cúis leis an laghdú sin gur imigh faighteoirí áirithe ar scor, gur aistríodh iad, gur tháinig deireadh lena seirbhís nó gur athraigh a bhfeidhm agus nár ghá faighteoirí a d'imigh ar scor nó a d'éirigh as a ionadú de thoradh ghéarchéim sláinte COVID-19. Cumhdaíonn an dualgas fuireachais trí réimse oibre: (i) seirbhísí slándála chun cosaint 24/7 a thabhairt d'fhoireann SEGS, do chuairteoirí, d'áitribh agus don mhaoin ábhartha sa Bhruiséil agus don fhaisnéis rúnaicmithe (sa cheanncheathrú agus sna toscaireachtaí); (ii) tacaíocht do CBES/BECS chun faireachán 24/7 a dhéanamh ar imeachtaí ar fud na cruinne, chun freagairt do ghéarchéimeanna, do theagmhais, d'imeachtaí tromchúiseacha, do chásanna sonracha agus d'éigeandálaí, chun tacú le hArdionadaí agus le gníomhaí an Aontais agus chun éascaíocht a dhéanamh ar reáchtáil cruinnithe de chuid ardán géarchéime SEGS lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre; (iii) seirbhís teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide trí bhíthin COMCEN (lárionad cumarsáide) a sholáthraíonn seirbhísí chun faisnéis rúnaicmithe a chur chuig gach ball d'fhoireann SEGS agus a sholáthraíonn seirbhísí d'Ardrúnaíocht na Comhairle chun a áirithiú go ndéantar faisnéis rúnaicmithe phráinneach a phróiseáil go tapa; trí bhíthin na Roinne um Chumarsáid Straitéiseach a áirithíonn go bhfoilsítear preaseisiúintí go tapa; agus trí bhíthin Ardrúnaíocht na Comhairle a thacaíonn le gníomhaíochtaí preasa an Ardrúnaí.

## 5.2. Na cúiseanna atá leis an liúntas le haghaidh coinníollacha oibre diana a úsáid

***An Coimisiún****:* Faoi mar a tharla in 2019, is é an Coimisiún an t-aon institiúid amháin a d'íoc an liúntas sin in 2020 as seirbhísí atáirgthe san Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht sa Bhruiséil (OIB) agus faoi chuimsiú na cigireachta a rinneadh ar shuiteálacha na suíomh núicléach in JRC agus in DG ENER, agus 199 bhfaighteoir a bhí ann ar an iomlán (216 in 2019). Is laghdú beagnach 8 % é sin, laghdú a bhí ann de thoradh ghéarchéim sláinte COVID-19, i measc nithe eile, mar nár chuir faighteoirí áirithe a gcuid oibre i gcrích faoi choinníollacha diana agus nár ghá faighteoirí a d'imigh ar scor nó a d'éirigh as a ionadú le linn na tréimhse sin.

D'fhéadfaí an líon iomlán uaireanta oibre a rinneadh faoi choinníollacha diana in 2020 a bhriseadh suas mar a leanas:

- 25,282.64 uair an chloig (64,889.11 in 2019) a bhain leis an tsábháilteacht phearsanta (e.g. éadaí speisialta míchompordacha a chaitheamh atá riachtanach don chosaint);
- 42,379.07 uair an chloig (115,973.35 in 2019) a bhain leis an áit oibre (e.g. leibhéal ard torainn nó spásanna contúirteacha);
- 5,073.61 uair an chloig (12.162,74 in 2019) a bhain leis an gcineál oibre (e.g. substaintí creimneacha a láimhseáil);

Tháinig laghdú nach beag ar an líon uaireanta oibre toisc gur tháinig laghdú ar an líon faighteoirí. Is í géarchéim sláinte COVID-19, géarchéim a bhí taobh thiar den líon teilea-oibrithe dul i méid agus den líon misean dul i laghad, is í ba chúis leis an laghdú a tháinig ar an líon uaireanta oibre a cuireadh i gcrích faoi choinníollacha diana freisin.

## 5.3. Na cúiseanna atá leis an tsealobair a úsáid

***Parlaimint na hEorpa:*** In 2020 d'íoc Parlaimint na hEorpa liúntais le haghaidh sealoibre chun an méid seo a leanas a chumhdach: (i) seirbhísí slándála agus sábháilteachta sna 3 shuíomh atá aici sa Bhruiséil, in Strasbourg agus i Lucsamburg; (ii) seirbhísí a bhaineann le fáiltiú, le slándáil agus le seiceáil na gcuairteoirí (Parlementarium, Áras Stair na hEorpa agus Teach Jean Monnet agus an Halla Spóirt (ó bhí 2017 ann)) agus le cumarsáid tríd an lasc-chlár a sholáthraíonn rogha seirbhísí ilteangacha, e.g. aistriú glaonna isteach agus amach, soláthar sonraí teagmhála (uimhreacha gutháin agus facs, seoltaí ríomhphoist agus oifigí) agus faisnéis maidir le cruinnithe agus le foirgnimh de chuid Pharlaimint na hEorpa.

Cuirtear na seirbhísí seo a leanas i bhfeidhm: obair dhá sheal (ráta 1), obair dhá sheal, lena n-áirítear san oíche, ag an deireadh seachtaine agus ar lá saoire (ráta 2) agus seirbhís 24/7 (ráta 4). Tháinig laghdú nach beag ar an líon faighteoirí in 2020 (545 i gcomparáid le 595 in 2019). Is í géarchéim sláinte COVID-19, géarchéim a bhí taobh thiar de sheirbhísí áirithe dúnadh nó dul i laghad, ba chúis leis an laghdú sin.

***An Chomhairle:*** Tá córas sealoibre ag an gComhairle atá riachtanach d'fheidhmiú leanúnach na seirbhísí atá freagrach as an gcosc agus as an tslándáil, go háirithe slándáil na bhfoirgneamh agus na ndaoine atá sa dá fhoirgneamh atá ag an institiúid sin. Is ar éigean a d'athraigh an líon faighteoirí in 2020 i gcomparáid le 2019 (78 agus 57 faoi seach).

***An Coimisiún:*** Sa Choimisiún, bhain JRC (ar chúiseanna a bhfuil dlúthbhaint acu lena chuid gníomhaíochtaí) agus DG HR (seirbhísí slándála agus sábháilteachta) úsáid as socrú oibre den sórt sin (28 mball foirne agus 83 bhall foirne faoi seach in 2020). In 2020 thuairiscigh DG HR gur tháinig méadú ar a líon faighteoirí (+26), mar gur cuireadh leis na poist a bhaineann leis an dlúthchosaint, ionas go ráthaítear go gcomhlíonfar na ceanglais i réimse na sláinte agus na sábháilteachta.

Sna hArd-Stiúrthóireachtaí eile, bhí 44 dhuine i mbun sealoibre in 2020 sna réimsí seo a leanas:

– slándáil agus sábháilteacht: 8 (OIL);
– teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide: 14 (DG COMM);
– tacaíocht do na Ballstáit: 22 (16 in 2019) (DG ECHO).

In DG COMM, is chun cumhdach preasa a sholáthar don Uachtarán, don Choláiste agus don Urlabhraí a úsáidtear sealobair.

In DG ECHO, rinneadh na hacmhainní a bhí ann cheana a athdháileadh, d’fhonn cur leis an tsealobair san Aonad um Fhaireachán agus Fhaisnéis a thacaíonn leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún i gcás tubaistí, rud a mhíníonn an méadú a bhí ar an líon faighteoirí.

Is iad rátaí 1, 3 agus 4 (cineálacha liúntais) a úsáidtear sa Choimisiún agus ráta 4 (sealobair) á úsáid sna seirbhísí slándála den chuid is mó.

***An Chúirt Iniúchóirí:*** Faoi mar a thuairiscigh an Chúirt Iniúchóirí, níor baineadh úsáid as an tsealobair ach sa Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta in 2020 chun sábháilteacht na bhfoirgneamh agus na ndaoine a bhí iontu a áirithiú. Seirbhís 24/7 (ráta 4) agus 17 bhfaighteoir a bhí i gceist, an líon céanna le 2019.

***CESE-CnaR***: In CESE agus in CnaR, tá socruithe comhroinnte sealoibre curtha ar bun chun freastal ar an éileamh atá ann go mbeadh an tseirbhís slándála i láthair go leanúnach. Is do thriúr faighteoirí agus do cheathrar faighteoirí a d’íoc CESE agus CnaR an liúntas (ráta 1), faoi seach, an líon céanna le 2019.

***SEGS***: In 2020, d’íoc SEGS 30 liúntas le haghaidh sealoibre chun cosaint 24/7 a thabhairt d’fhoireann SEGS, do chuairteoirí, d’áitribh agus don mhaoin ábhartha sa Bhruiséil, chun seirbhís 24/7 faireacháin, monatóireachta agus rabhaidh a chur ar fáil i leith imeachtaí agus cásanna tábhachtacha ó thaobh na polaitíochta de, agus chun seirbhísí a sholáthar chun faisnéis rúnaicmithe a chur chuig gach ball d’fhoireann SEGS agus chuig Ardrúnaí agus chuig gníomhaí eile an Aontais (an Coimisiún Eorpach, Ardrúnaíocht na Comhairle, gníomhaireachtaí agus Ballstáit de chuid an Aontais).

Den chuid is mó, dhá chineál liúntais, rátaí 1 agus 4 a úsáidtear in SEGS. Tháinig laghdú ar an líon faighteoirí de bharr ghéarchéim sláinte COVID-19, go háirithe de bharr foireann níos lú a bheith i láthair san áit oibre. Anuas air sin, níorbh fhéidir folúntais áirithe a líonadh le linn na tréimhse sin.

## 6. CAITEACHAS BUISÉADACH DE RÉIR INSTITIÚIDE AGUS LIÚNTAIS (IN EURO)

| Institiúid | Sealobair | Dualgas fuireachais | Coinníollacha oibre diana | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| An Pharlaimint | 5,137,953.53 | 0 | 0 | **5,137,953.53** |
| An Chomhairle | 726,640.00 | 270,845.00 | 0 | **997,485.00** |
| An Coimisiún | 1,407,631.14 | 1,587,768.45 | 335,668.27 | **3,331,067.86** |
| *- ina measc JRC:* | *246,719.68* | *628,320.00* | *319,183.17* | ***1,194,222.85*** |
| An Chúirt Bhreithiúnais | 0 | 53,836.98 | 0 | **53,836.98** |
| An Chúirt Iniúchóirí | 197,612.76 | 15,993.68 | 0 | **213,606.44** |
| CESE | 11,191.30 | 6,557.41 | 0 | **17,748.71** |
| CnaR | 20,008.54 | 14,280.78 | 0 | **34,289.32** |
| SEGS | 221,575.33 | 84,887.55 | 0 | **306,462.88** |
| Ombudsman | 0 | 0 | 0 | **0** |
| MECS | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Iomlán** | **7,722,612.60** | **2,034,169.85** | **335,668.27** | **10,092,450.72** |

In 2020, caitheadh **10,092,450.72** euro ar na trí liúntas sna hinstitiúidí Eorpacha trí chéile (10,492,246.93 euro in 2019).